

Paul Larocque, *Captain America*, 1998, prionta scagshíoda, 74 x 62cm.

# All Eyes on Us

## *Acmhainn thánaisteach*

# Céard é *All Eyes on Us*?

Is taispeántas de phortráidí i nGailearaí Ealaíne Crawford é *All Eyes on Us*. Chun scrúdú a dhéanamh ar ár dtuiscintí ar chumhacht agus gníomhaíocht, fiafraíonn an saothar atá roghnaithe againn den spriocphobal smaoineamh ar an méid a bhíonn le cur san áireamh nuair a bhíonn portráid á cruthú.

# Réamhrá

Tá an acmhainn seo deartha do ghrúpaí meánscoile agus is í an aidhm atá léi buneolas maidir le portráidíocht a roinnt leis na mic léinn. Bunaithe ar *All Eyes on Us,* is féidir le múinteoirí na sraithe sóisearaí na gníomhaíochtaí seo a úsáid mar thúsphointe do phleananna ceachta nó mar ábhar tacaíochta is féidir a úsáid nuair a bhíonn siad ar cuairt ar an nGailearaí.

Nascann na gníomhaíochtaí thíos go díreach leis an ngné **teanga chriticiúil agus amhairc** agus leis na ngné **cultúr agus tuiscint amhairc** den siollabas Amharc-Ealaíne, ach is féidir iad a úsáid ar shlí ar bith eile a shíleann tú atá oiriúnach.

Tá an acmhainn roinnte in dhá sheisiún againn, agus tá gach seisiún bunaithe ar phríomhcheist.

### Eochairfhocail


**Portráid:** Is saothar ealaíne é portráid ina n-insítear scéal duine. B'fhéidir gur péintéireacht, grianghraf, colláis, dealbh, taibhiú nó aon rud gaolmhar eile a bheidh ann.

**Suiteoir:** Is é an suiteoir ábhar na portráide. Uaireanta, fiafraíonn an suiteoir den ealaíontóir an phortráid a dhéanamh. Chomh maith leis sin, b'fhéidir go dtabharfadh an t-ealaíontóir cuireadh do dhuine éigin a bheith mar shuiteoir.

**Suibiacht:** Uaireanta, tugtar 'an tsuibiacht' ar an duine atá le feiceáil sa phortráid. Uaireanta, tarlaíonn sé seo de bhrí nach bhfuil an duine ina s(h)uí san íomhá (d'fhéadfadh an duine a bheith ag seasamh, ina luí nó i staid éigin eile!), nó b'fhéidir nár bhuail an t-ealaíontóir leis an tsuibiacht riamh

## Seisiún a hAon: Céard is féidir a fhoghlaim ó phortráid?

Is féidir neart a fhoghlaim ó phortráidí. Is féidir rudaí a fhoghlaim ó dhaoine, a gcuid scéalta agus a gcúlra. Is féidir léargas a thabhairt iontu ar dhuine nó ar na rudaí atá tábhachtach i saol an duine sin; is féidir scrúdú a dhéanamh iontu ar an íomhá is mian le duine a chruthú dó nó di féin, nó is féidir an giúmar atá ar dhuine a chur in iúl. Nuair a smaoinímid ar na rudaí seo a bhíonn le feiceáil i bportráid, deirtear go bhfuil an phortráid 'a léamh' againn. Léimis portráid le chéile!



## Tasc A: Samhlaigh prionsa

### Céim a haon

- Aimsigh páirtí duit féin. Roghnaigh lipéad A agus B daoibh féin.
- Tá A ag déanamh cur síos, is é B an t-ealaíontóir.
- Suigh síos, droim le droim, ionas nach féidir ach le A an íomhá ar an gcéad leathanach eile a fheiceáil.

### Céim a dó

- A: iompaigh an leathanach agus mínigh an íomhá do B
- B: tarraing an méid a chuala tú sa chur síos
- **Níl ach dhá nóiméad agat!**





James Barry, *The Prince of Wales in the Guise of St. George,* c.1789-90, olaphictiúr ar chanbhás, 260 x 170cm

**Céim a trí**

- Féach ar an méid atá cruthaithe agaibh le chéile!
- Dírigh ar na ceisteanna seo a leanas…
  - Céard é an rud ba dheacra faoin tasc seo?
  - Cé chomh 'cruinn' is atá do phortráid?
  - Céard iad na mionsonraí atá curtha san áireamh agat?
  - Céard iad na rudaí nár thug tú an oiread céanna airde orthu?
  - Cén fáth an dóigh leat gur dhírigh tú ar chodanna áirithe den íomhá, seachas codanna eile?

## Tasc B: Céard a fheicimid?

Uaireanta, úsáideadh portráidí chun léargas a thabhairt ar chumhacht agus stádas. An dóigh linn gurb é sin atá ag tarlú anseo?

- Scríobh síos roinnt aidiachtaí (focail a dhéanann cur síos) chun cur síos a dhéanamh ar ghiúmar na portráide seo.

**Dúshlán:**

- Déan taighde agus scríobh síos roinnt príomhfhíricí faoin gcineál saoil a chaith Prionsa na Breataine Bige ag deireadh na 1700idí.
- Déan taighde agus scríobh síos roinnt príomhfhíricí faoi Naomh Seoirse.
- Nuair a bheidh do chuid taighde déanta agat, ullmhaigh caint 60 nóiméad chun ceann de na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:
  - Cén fáth ar mhaith leis an bprionsa dá mbeadh sé á chur i láthair mar Naomh Seoirse?
  - Cén fáth an mbeadh James Barry ag iarraidh é a léiriú mar seo?

## Seisiún a Dó: Cén fáth an mbeadh duine ag iarraidh portráid a chruthú?

Ní bhaineann portráidí le cumhacht agus stádas i gcónaí. Uaireanta, caitheann siad solas ar dhuine nó grúpa daoine ar tugadh neamhaird orthu sa stair; nó d'fhéadfaí iad a úsáid mar bhealach chun aird a tharraingt ar éachtaí daoine nó ar na rudaí a shíl daoine a bhí tábhachtach.

### Tasc A: Scéal a insint

#### Céim a haon

Féach ar íomhá A, B agus C [le fáil ag cúl an phaca acmhainní].

I ndiaidh gach íomhá, scríobh do fhreagra ar gach ceann de na ceisteanna seo...

- Cén focal amháin a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an íomhá seo?
- In abairt amháin, déan cur síos ar an gcaoi a mhothaíonn tú i ndiaidh duit breathnú ar an íomhá seo
- Céard iad na ceisteanna ba mhaith leat a chur ar na suibiachtaí?

#### Céim a dó

Anois dírigh ar na naisc thíos chun níos mó a fhoghlaim faoi gach ceann de na portráidí seo:

- Portráid A: *Nano Nagle and Pupils*
- Portráid B: *Untitled (Hair and Eyes)*
- Portráid C: *Dylan is Ainm Dom...*

Nuair a bheidh an t-ábhar léite agat, roghnaigh an phortráid is fearr leat as na trí phortráid agus scríobh litir ghearr chuig an tsuibiacht. B'fhéidir go ndéanfadh tú an méid seo a leanas...

- Fiafraigh ceisteanna a ritheann leat
- Inis dóibh faoin gcúis a shíleann tú go mbaineann tábhacht lena scéal

### Tasc B: Do scéal a insint

- Roghnaigh duine nó grúpa daoine ó do shaol féin, pobal nó stair, a shíleann tú gur cheart a scéal a insint.
- Smaoinigh ar an méid seo a leanas...
  - A gcáilíochtaí speisialta a d'fhéadfaí a ligean i ndearmad mura ndéantar amhlaidh.
  - Céard is mian leat a bheidh á fhoghlaim ag amharcóirí ón bportráid amach anseo, amharcóirí nach bhfuil aithne acu ar na suiteoirí?



- Cruthaigh portráid den duine nó den ghrúpa daoine seo.
    - Smaoinigh ar an staidiúir, an suíomh agus na siombailí is mian leat a chur san áireamh chun a scéal a insint.
    - D'fhéadfá an phortráid a chruthú cibé slí is mian leat: grianghraf, péintéireacht nó líníocht, colláis nó taibhiú a chruthú – smaoinigh ar bhealach cruthaitheach!

## Tasc C: An scéal a dhíol

Nuair a bhí an taispeántas seo á eagrú againn, thugamar faoi deara go raibh roinnt bearnaí i mbailiúchán portráidí Ghailearaí Ealaíne Crawford.

Tá go leor scéalta ar mhaith linn iad a insint, nach bhfuil inste sna portráidí atá againn sa Ghailearaí.

Anois ó tharla go bhfuil do phortráid féin cruthaithe agat de dhuine nó grúpa ar cheart a scéal a insint, inis dúinn an chúis ar cheart léargas a thabhairt orthu.

**Is é an dúshlán atá ann** a shamhlú, go bhfuil tusa, mar ealaíontóir, ag iarraidh a chur ina luí orainn gur cheart do phortráid a thaispeáint mar chuid den taispeántas.

Scríobh **togra** gearr ina míníonn tú…

- An chúis ar roghnaigh tú do phortráid
- An chúis ar cheart scéal na suibiachta a insint
- An méid atá ar iarraidh ón taispeántas dar leat agus an chúis a shíleann tú go mbeadh do phortráid oiriúnach.



# Íomhá A



John O'Keeffe (ainmnithe), *Nano Nagle and Pupils*, olaphictiúr ar chanbhás, 127 x 101cm

# Íomhá B



Yvonne Condon, *Untitled (Hair and Eyes)*, gan dáta, aicrileach ar chairtchlár, 40 x 50cm

# Íomhá C



Stephen Doyle, *Dylan is Ainm Dom...*, 2018, meáin mheasctha ar chlár, 120 x 120cm